

☘ An Lúibín ☘

31 Deireadh Fómhair 2018

Earcú agus aistriú

Mar theanga oibre a úsáidtear an Ghaeilge an Aontas Eorpach faoi láthair; déanfar teanga lánoifigiúil di faoin mbliain 2022. Tá timpeall 500 Éireannach ar fostú ag an gCoimisiún Eorpach, agus aon Fheisire dhéag ó Éirinn ina dteannta. Faoin mbliain 2022 (nach fada uainn anois) beidh gá, is dócha, le 180 oifigeach le Gaeilge, rud is deacair a shamhlú, mar tá gá le breis is seachtó faoi láthair agus tá ag teip ar an AE iad a fháil. Níor tháinig as an mbabhta earcaíochta is déanaí ach deichniúr. Deirtear go bhfuil €13 milliún caite cheana ag an rialtas chun cur leis an líon céimithe a bheadh oiriúnach don obair, agus tá trí mhilliún eile ar fáil chun íoc as aistriúchán agus ateangaireacht, oifigigh a oiliúint agus bunachair shonraí Ghaeilge a úsáid. I mbliana fograíodh sé phost is fiche ach is dócha nach líonfar ach a leath nó níos lú.

Caithfidh tú *concours* nó roinnt trialacha a dhéanamh chun post a fháil in institiúidí an Aontais Eorpaigh. Is é an príomhbhealach é chun post buan a fháil, agus tá comórtas eile dá leithéid ann i gcomhair poist shealadacha. Caithfidh tú dioplóma tríú leibhéal a bheith agat agus dhá theanga de chuid an Aontais Eorpaigh ar a laghad – príomhtheanga (aon cheann de theangacha an AE – Gaeilge sa chás seo) agus Béarla, Gearmáinis nó Fraincis mar an dara teanga. Trí chéim atá sa chomórtas – scrúdú réamhroghnúcháin, scrúduithe scríofa agus agallamh. Pléann an chéad scrúdú le heolas ar an AE, réasúnú béil agus uimhriúil agus saineolas ar an réimse áirithe atá i gceist (an dlí, mar shampla). Caithfear aistí a scríobh, agus b'fhéidir go mbeadh ort an dá theanga a úsáid sna scrúduithe agus san agallamh. Chuirtear an-bhéim ar chúrsaí teicniúla ach is mó an aird atá ar chumas agus inniúlacht anois.

Is beag an t-ionadh (mar a deir a lán) go bhfuil sé chomh deacair sin na poist a líonadh. Tar éis an tsoil, níl an oiread sin cainteoirí Gaeilge in Éirinn. De réir dháonáireamh 2016, ní dúirt ach 73,803 duine (1.7% den phobal) gur labhair siad gach lá lasmuigh de na scoileanna í; bhí 20,586 duine acu (27.9% den iomlán) sa Ghaeltacht, áit a bhfuil daoine óga ag tabhairt droim láimhe leis an teanga. Dúirt 111,473 duine eile gur labhair siad gach seachtain í. Rachadh sé rite leat teacht ar do dhóthain aistritheoirí oilte i bpobal chomh beag sin, gan trácht ar ateangairí agus ar dhlítheangeolaithe. Chomh maith leis sin, níl taithí ag iarrthóirí Éireannacha ar leagan amach an *concours*, cé gur féidir é sin a chur ina cheart.

Ós tír Bhéarla í Éire luífeadh sé le réasún gurb é an teanga sin a bheadh mar phríomhtheanga Eorpach aici. Ach thioctadh sin salach ar idé-eolaíocht Ghaelach na hAthbheochana a bhfuil a rian chomh buan sin ar dhearcadh oifigiúil an Stáit. Agus ní shin le rá go n-aithnítear an Ghaeilge mar theanga bheo. Mar shiombail is tábhachtaí í – comhartha ar an difríocht idir Éire agus an chuid eile de shaol an Bhéarla. Is minic a thugtar cur i gcéill air seo: cuimhnimis ar theip na Gaeilge éigeantaí, ar theip na bpleananna teanga, ar theip Údarás na Gaeltachta, agus ar an leisce atá ar an rialtas athmhachnamh a dhéanamh ar an scéal. Aghaidh fidil í an Ghaeilge san Eoraip, mórán, rud a fhógraíonn agus a fholáíonn in éineacht. Ach ní cur i gcéill ar fad atá i gceist: tá intinn dhúbailte ag roinnt leis, intinn atá ag iarraidh comhréiteach a dhéanamh idir an rud a cailleadh agus an rud a tháinig ina ionad. Mearbhall staire.

Agus ní hiad na Gaeilgeoirí atá ag gearán faoin bhfiontar Eorpach. Tugann sé poist leis agus gradam, agus sócúl na Bruiséile. Baineann an Stát tairbhe as dáiríreacht na nGaeilgeoirí céanna: déanann siad rud tathagach den siombaileachas.

Scéal a ndearnadh cíoradh cheana air is ea tábhacht an Bhéarla san Aontas Eorpach. Ba í an Bhreatain an t-aon tír amháin a raibh an Béarla mar phríomhtheanga aici; ansin tharla an Breatimeacht, agus mhol daoine éigin gur chóir d'Éirinn ualach teanga Shakespeare a tharraingt uirthi féin. Ach mairfidh an Béarla gan a leithéid de chúnamh. Meastar gur teanga neodrach áisiúil é, agus ní beag an tairbhe dó san Eoraip gan bhaint a bheith aige le tír ar leith.

Agus tá an tsíorcheist le freagairt: An fiú an oiread sin airgid a chaitheamh ar an teanga mar shiombail Eorpach? Ní fiú é, a déarfadh a lán. Déarfadh mórán eile gur rud é a dhealaíonn Éire amach san Eoraip mar thír a bhfuil béascna ársa dhearsnach aici. Agus mar sin de. Is cinnte, áfach, nach bhfuil costas na n-aistriúcháin féin chomh hard sin. Caitear €1.1 billiún ar aistriúcháin in aghaidh na bliana agus ceithre theanga is fiche san áireamh. Níl sa mhéid sin ach €2.20 in aghaidh gach saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh. Saor go leor i dtaca le holc.



An Bhruiséil
Wikimedia Commons



Tiomsú foclóireachta

An oiread sin foclóirí Gaeilge ar fáil ar líne agus leas á bhaint astu go léir. Deirtear anois go bhfuil siad le cur le chéile ar aon suíomh mór amháin, leagan nua de 'focal.ie' (suíomh ar tháinig téarma.ie ina áit). Athsheoladh focal.ie ar 2 Samhain 2018. Má tá focal áirithe uait níl le déanamh agat ach cliceáil agus tabharfar chun foinse an fhocail thú.

Cuimhnimis orthu seo - an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge, téarma.ie, Foclóir Gaeilge-Béarla, English Irish Dictionary, Gaois agus An Foclóir Beag. Tá focail i bhfoclóirí áirithe nach bhfuil le fáil i bhfoclóirí eile: is mór an áis de Bhaldraithe fós ach in téarma.ie atá an tearmaíocht is déanaí. B'éigean iad a cheangal le chéile luath nó mall.

Tionscadal de chuid Fhoras na Gaeilge é seo. Beidh foclóirí nua clóite ann i gceann cúpla bliain agus cuideoidh an obair atá ar siúl anois le hiad a chur i gcrích.

Focal *fir* 1 fuaim béil nó grúpa litreacha a chiallaíonn rud ar leith; abairt, ráiteas, caint (*focal a rá le duine*; teachtaireacht, eolas (*focal a chur chuig duine*); gealltanais (*d'fhocal a bhriseadh*; ar m'fhocal duit)

An Foclóir Beag



As an gCartlann

Foilsíodh an t-alt seo in *An Lúibín* ar 31 Bealtaine 2007.

Difríocht

The failure of Aboriginal policy is a failure to recognise the fact of difference.

Is gearr ó díoladh sárshaothar Bundúchasach i Nua Eabhrac ar phraghas an-ard, pictiúr le Emily Kame Kngwarreye dar teideal Cruithín na Cruinne; tá súil le os cionn milliún dollar an mhí seo chugainn nuair a dhíolfar 'Warlugulong 1977' le Possum Tjapaltarri. Ní ar an airgead atá brí agus bunluach an tsaothair ag brath, ach léiríonn an t-airgead an t-aitheantas a thugann an margadh do chumhacht agus do thréithe sainiúla an dúchais seo. Ealaín ar leith ó áit ar leith: ach ar shlihte

eile tá doicheall roimh an difríocht. Tugtar i bhfad níos mó aitheantais do dhúchas na Ghaeilge i mBunreacht na hÉireann ná mar a thugann Bunreacht na hAstráile do dhúchas níos sine.

Ar éigin is féidir lenár bhformhór sinn féin a shamhlú leis an gcine úd eile atá anseo leis na mílte bliain. Is minic gan meas againn i ndáiríre ar an difríocht atá eadrainn. Ba é an tOllamh Henry Reynolds, staraí agus conspóidí, a thug an léargas ba ghrinne ar an gcaidreamh achrannach casta idir Bundúchasaigh agus Eorpaigh sa 19ú haois, agus bhí an méid a leanas le rá aige ar an nuachtán *The Age* (26/5/07):

Síltear gurb é an bealach chun fadhbanna an-mhóra na bpobal Bundúchasach a fhuascailt iad a dhéanamh níos cosúla linn féin. Tá mórán díospóireachta ann faoi láthair faoi chearta agus faoi fhreagracht. Ach nach bhfuil ceart ag daoine chun fanacht ina mBundúchasaigh agus gan a bheith ‘báite’? Níl a leithéid de cheart le fáil ach i mír gan iomrá de Chúnant Idirnáisiúnta na gCearta Sibhialta agus Polaitiúla ar chuir an Astráil a lámh leis, mar a chuir le dréachtchonaradh roghnach a bhaineann leis. Deir Alt 27 go bhfuil ceart ag mionlaigh chun ‘a gcultúr féin a shaothrú, a gcreideamh féin a chleachtadh agus a dteanga féin a úsáid.

Deir sé nach féidir linn aon bheartas a mheas i gceart mura bhfuil a fhios againn cad iad na cuspóirí atá aige. Táimid dírithe ar fad ar na fadhbanna atá anois ann agus gan aird againn ar an am atá le teacht. Tá gá le haitheantas éigin bunreacht a thabhairt do na Bundúchasaigh agus dul ina bhun gan mhoill. Ceist phraiticiúil í den saghas is práinní. Mura scrúdaímid ach cúrsaí oideachais agus ceist na dteangacha – dhá rud a bhfuil dluthbhaint acu lena chéile – feicimid cé chomh dona is atá cúrsaí agus gan aitheantas buan oifigiúil á thabhairt don cheist phraiticiúil sin. Tógaimis, mar shampla, an fhaillí a dhéantar san oideachas dátheangach sna cúlchríocha. Tá an t-oideachas sin le fáil in áiteanna áirithe agus éifeacht leis; ach níos minice ná a chéile ní bhíonn ann ach múinteoir óg bán nach bhfuil eolas ná aithne aige ar mhuintir na háite ná focal ar bith dá dteanga aige. Ná cuirimis an milleán ar a leithéid sin ach oiread, ach ar Roinn nach bhfuil de bheartas aici ach Béarla a bhrú scun scan ar an bpobal úd agus gan cuimhneamh aici ar aon dúchas eile.



An Timpeallacht

Tá tuarascáil curtha amach ag painéal de chuid Acadaimh Náisiúnta na nEolaíochtaí, na hInnealtóireachta agus an Chógais sna Stáit Aontaithe. Deir sí go bhfuil an oiread sin moille ar astúcháin dé-ocsaíd charbóin a laghdú nach dócha go bhfuasclofaí an fhadhb fiú dá n-iompófaí go han-tapa ar fhuinneamh glan. Chun cuspóirí Chomhaontu Pháras a bhaint amach ní mór timpeall deich mbilliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin a bhaint den atmaisféar gach bliain faoi lár na haoise, mar aon le hastaíochtaí tionsclaíocha a laghdú, chun téamh an domhain a choinneáil faoi bhun 1.5 céim Celsius (2.7 céim Fahrenheit).

Tá cúpla comhlacht ann atá ag tógáil gléasra ‘gabhála aeir’ a úsáideann ceimicigh chun dé-ocsaíd charbóin a bhaint den aer, rud a ligfeadh dóibh an gás a dhíol nó a chur i dtaisce faoi thalamh. Ach tá costas mór ag roinnt leis an ngléasra sin. Is féidir crainn a chur, ach níl ach méid áirithe talaimh ar fáil chun é sin a dhéanamh agus ní fios cá mhéad carbón is féidir a choinneáil i dtaisce sa chré. B’fhéidir go bhféadfaí adhmaid nó ábhar plandaí eile a thiomsaíonn dé-ocsaíd charbóin a dhó i ngléasra bithmhaise agus an carbón a thagann as a chruinniú. Ach b’fhéidir go dtiocfadh soláthar na bithmhaise salach ar an ngá atá againn le talamh curadóireachta. Is féidir mianraí éigin, leithéidí na peireadóitíte,¹ a tháthú le dé-ocsaíd charbóin agus carraig a dhéanamh den ghás, ach ní fios an féidir é seo a dhéanamh ar mhórsála.

D’ainneoin na ndeacrachtaí, molann an tuarascáil go ndéanfaí diantaghde. Dúirt an painéal, áfach, nach foláir srian mór a chur le hastaíochtaí freisin mar chuid d’aon straitéis amháin, agus nach cóir do rialtais a bheith ag brath go ró-mhór ar ghabháil charbóin.



Is binn linn scéalta faoi thubaistí nár tharla fós nó a thit amach in áiteanna eile. Is mairg don té atá in chónaí sna háiteanna sin. Is gearr ó bhí cuntas le léamh in *The Guardian* faoi na tinte uafásacha a scrios cuid de California,

¹ Peireadóitítí: bruthcharraig dhlúth a bhfuil mórán maignéisiam inti.

tinte, a dúradh, a d'éascair ó théamh na haeráide.² Ba dheacair cúis eile a aimsiú agus an cuntas sin léite agat. Anois tá trácht ar phointí claochlaithe. Titeann a leithéidí amach nuair a athraíonn córas nádúrtha go tobann agus lorg ollmhór fágtha dá bharr ar na héiceachórais atá ina thimpeall.

D'fhéadfadh a leithéid titim amach san Artach. Fásra a theacht in ionad oighir agus sneachta ar an tundra agus é siúd ag sú teasa agus ag scaoileadh meiteáin; dáileadh neamhghnách sneachta a dhéanann an fharraige níos teo agus a théann i bhfeidhm ar an aeráid dhomhanda; imeacht an éisc, rud a rachadh i bhfeidhm ar éiceachórais ar fud an domhain.

D'fhéadfadh an t-aischothú (an chaoi a dtéann toradh próisis i bhfeidhm ar an bpróiseas féin) dlús a chur le leá an Antartaigh agus an Artaigh araon. Titeann a leithéid amach nuair a spreagann athrú i réimse amháin athrú mór ar fud éiceachórais iomláin. Tá tábhacht ar leith leis an oighear: frithchaitheann sé cuid mhaith de radaíocht na gréine, é ag fuarú idir ghaotha agus sruthanna agus an-tábhacht leis dá réir san aeráid dhomhanda. Fágann crapadh agus cúlú an oighir réimsí dorcha san fharraige a shúnn breis teasa isteach.

Tabharfaidh an t-athrú aeráide leis stoirmeacha, tuilte agus creimeadh cósta. I Meiriceá tá a lán daoine ag smaoineamh ar aistriú chun áiteanna níos sábháilte agus bailte móra féin ag smaoineamh air. I gceann scór blianta, is dócha, beidh na mílte duine ag teitheadh ó chósta báite. D'ainneoin feabhsú mór a theacht ar mhodhanna feirmeoireachta agus ar theicneolaíocht, cuirfidh an teas isteach ar bharráí éigin (arbhar, cruithneacht, pónairí soighe agus eile).

Tá déine uafásach ag teacht i dtinte foraoise ar fud an domhain. San Astráil tá an scéal go dona ó tháinig na coilínigh Eorpacha (agus Éireannaigh ina measc), rud a chuir deireadh i ndeisceart na tíre leis an réamhdhóiteán a dhéanadh na Bundúchasaigh (agus a dhéanann fós ar an iargúil). In California, áit atá cosúil le cuid mhaith den Astráil, tá daoine scanraithe ag fíoch nua na dtinte.



Tine i Veiniséala
Wikimedia Commons

Beidh na hanfaí níos fíochmháire feasta, iad ag teacht níos minice agus gan choinne. Is fada iad á bhfulaingt i dtuaisceart na hAstráile agus in oirthear na Stat, ach tugann na samhlacha ríomhaire le fios go dtitfidh siad amach in áiteanna nua, leithéidí Mhurascaill na Peirse.

Is beag rud a ghríosann a oiread cainte anseo san Astráil agus staid (nó drochstaid) na Mórscéire Bhacainní, rud atá ina chomhartha náisiúnta agus ina phota óir. Tá leath na Mórscéire marbh anois agus súil ag na heolaithe le bánú nua coiréil sa chuid eile den sceir i mbliana. Sa bhliain 2016 cailleadh 30% de choireál na sceire. Sa bhliain 2017 cailleadh 20% eile nuair a scrios uisce ró-the na halgaí a bhfuil an coiréal ag brath orthu. Anois tá aird á díriú ar choiréal a chur ag athfhás – jab mór agus 344,000 ciliméadar cearnach i gceist. Bímís ag súil gur giorra cúnamh Dé ná an doras.

Is maith an aire an fhógairt, cé gur féidir le hathrú aeráide breith ar an domhan faoi dheifir, mar a tharla cúpla uair cheana.³ Ní teoricí a chuireann ina luí ar dhaoine go bhfuil contúirt ann ach torthaí. Oileáin á mbá, collte á

² https://www.theguardian.com/world/ng-interactive/2018/oct/10/climate-change-what-will-happen-hellfire-california-forest-fires?CMP=share_btn_link

³ https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=3d7448ad70-EMAIL_CAMPAIGN_2018_10_29_12_28&utm_medium=email&utm_term=0_411a82e59d-3d7448ad70-68646989

scríosadh, daoine á marú ag an teas. Tá rudaí le déanamh agus gan a fhios againn fós cén rath a bheidh ar an obair sin. Déanfar an t-ábhar seo a chíoradh arís.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Earcú agus aistriú

Tá timpeall 500 Éireannach ar fostú ag an gCoimisiún Eorpach. (Is cuid den Aontas Eorpach an Coimisiún.) Faoin mbliain 2022 beidh gá le 180 oifigeach le Gaeilge. Ach tá sé an-deacair ag an Aontas Eorpach iad a fháil. Tá na milliúin euro caite ag Rialtas na hÉireann chun níos mó céimithe a fháil a bheadh oiriúnach don obair. Ach níl mórán acu le fáil.

Caithfidh tú roinnt scrúduithe a dhéanamh chun post a fháil san Aontas Eorpach. Caithfidh tú dioplóma tríú leibhéal a bheith agat agus dhá theanga de chuid an Aontais Eorpaigh ar a laghad. Dhéanfaidh Gaeilge agus Béarla cúis.

Ní mór an t-ionadh go bhfuil sé chomh deacair sin na poist a líonadh. Níl an oiread sin cainteoirí Gaeilge in Éirinn. Is deacair mórán aistriitheoirí oilte a dháil i bpobal chomh beag sin, gan trácht ar ateangairí agus ar dhlítheangeolaithe.⁴ Chomh maith leis sin, níl taithí ag iarrthóirí⁵ Éireannacha ar na scrúduithe.

Is tír Bhéarla í Éire. Ba dhóigh leat mar sin go mbeadh an Béarla mar phríomhtheanga Eorpach aici. Ach d'fhág idé-eolaíocht na hAthbheochana⁶ a rian ar dhearcadh an Stáit. Is siombail í an Ghaeilge sa bhaile agus san Aontas Eorpach. Ach ní cur i gcéill ar fad atá i gceist. Tá daoine ag iarraidh comhréiteach a dhéanamh idir an rud a cailleadh agus an rud a tháinig ina ionad. Baineann Gaeilgeoirí tairbhe as an Aontas Eorpach. Cuireann siad tathag⁷ sa siombaileachas.

Deir daoine éigin gur ceart d'Éirinn Béarla a úsáid san Aontas Eorpach agus an Bhreatain ag imeacht. Ní gá d'Éirinn é sin a dhéanamh. Mairfidh an Béarla gan a leithéid de chúnamh. San Eoraip síltear gur teanga neodrach é.

Tá ceist eile ann: An fiú an oiread sin airgid a chaitheamh ar an nGaeilge san Eoraip? Déarfadh mórán Éireannach gur cuid suntasach d'fhéiniúlacht⁸ na hÉireann san Eoraip í. Tá daoine eile ann nach n-aontódh leis sin. Ar aon nós, níl costas na n-aistriúchán féin chomh hard sin. Má chuirtear gach teanga san áireamh, ní chaitear ach €2.20 in aghaidh gach saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Timpeallacht

Tá tuarascáil curtha amach ag eolaithe sna Stáit Aontaithe. Deir sí go nach bhfuil astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin⁹ á laghdú mórán. Caithimid deich mbilliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin a bhaint den atmaisféar gach bliain chun téamh an domhain a shrianú.

Tá comhlachtaí ag iarraidh ceimicigh a úsáid chun dé-ocsaíd charbóin a bhaint den aer, ach tá sé sin costasach. Is féidir crainn a chur, ach níl an oiread sion talaimh ar fáil chuige. Tá plandaí ann a shlogann dé-ocsaíd charbóin, agus is féidir iad a dhó agus an carbón atá fágtha a chruinniú. Is féidir carraig a dhéanamh de dhé-ocsaíd charbóin má nasctar le mianraí éigin í.

Molann an tuarascáil go ndéanfaí diantaighde.¹⁰ Deir na heolaithe gur gá srian a chur le hastaíochtaí freisin.

Tá imní ar eolaithe anois faoi phointí claochlaithe – *tipping points*. Is féidir le córas nádúrtha athrú go tobann agus lorg an-mhór a fhágáil ar na héiceachórais¹¹ atá ina thimpeall. San Artach thiocfadh tundra in áit oighir agus sneachta agus é ag scaoileadh meiteáin,¹² agus d'imeodh an t-iasc. Déantar trácht freisin ar aischothú¹³ – athrú beag a spreagann athrú forleathan.

⁴ Dlítheangeolaithe – lawyer-linguists

⁵ Iarrthóirí - applicants

⁶ Idé-eolaíocht na hAthbheochana – the ideology of the Gaelic Revival

⁷ Tathag – substance, weightiness

⁸ Féiniúlacht - identity

⁹ Astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin – CO2 emissions

¹⁰ Diantaighde – intensive research

¹¹ Éacachórais - ecosystems

¹² Meiteán - methane

¹³ Aischothú – (biological) feedback

Tá súil ag eolaithe le stoirmeacha, tuilte agus creimeadh cósta. Beidh ar dhaoine imeacht chun áiteanna níos sábháilte, fiú i Meiriceá. Tíocfaidh deireadh le barraí éigin. Beidh na tinte foraoise níos measa agus beidh anfaí in áiteanna nach raibh taithí ag daoine orthu.

Tá an Mhórsceir Bhacainneach¹⁴ i mbaol mór. Tá a leath marbh cheana agus tá súil ag na heolaithe go ndéanfaidh uisce ró-the dochar mór arís. Anois tá siad ag smaoineamh ar choiréal a chur ag athfhás, ach is mór an limistéar atá i gceist.

¹⁴ An Mhórsceir Bhacainneach – the Great Barrier Reef